



STRAITÉIS
OIRIÚNAITHE
AERÁIDE
2024



Ní fadhb sa todhchaí é an t-athrú aeráide - is fadhb laethúil é anois

Tá seirbhísí Iarnród Éireann – Irish Rail i gcoilár chóras iompair na hÉireann agus tá ár líonra iarnróid mar chuid den bhonneagar criticiúil náisiúnta. Mar choimeádaithe an iarnróid, tá a fhios againn ónár stair agus ón méid a fheicimid inniu go bhfuil ár n-aeráid ag athrú.

D'fhéadfadh an t-athrú aeráide drochthionchar a bheith aige bhonneagar iarnróid, rud a fhágann go gcuirfear isteach níos mó ar leibhéal na seirbhísí d'ár gcustaiméirí.

Is minic agus is dian tarlaithe adhaimsire é ionchas an t-athrú aeráide d'Éirinn, le leibhéal na farraige ag ardú, borradh stoirme cósta, gaotha níos láidre agus méaduithe teochta a chiallaíonn geimhrí níos fliche agus samhraí níos tirim. Is dúshlán leanúnach atá ag teacht chun cinn d'Iarnród Éireann – Irish Rail seirbhísí iarnróid d'ardchaighdeán a sholáthar, le linn tarlaithe adhaimsire, mar gheall ar éagsúlacht agus éiginnteacht imeachtaí dá leithéid.

Ár Misean Oiriúnaithe Aeráide

Is é an misean atá againn ná an gréasán iarnróid a bhfuilimid mar chaomhnóirí air do na glúnta atá le teacht a chosaint ó éifeachtaí an athraithe aeráide.

Cuspóir

Tá sé mar chuspóir againn oiriúnú aeráide a leabú sa chaoi a ndéanaimid ár bhflit agus ár mbonneagar iarnróid a chothabháil, inár n-oibríochtaí agus nósanna imeachta traenach, ag cinntiú líonra sábháilte agus athléimneachta atá in ann seirbhís iompair phoiblí inbhuanaithe a sholáthar dár gcustaiméirí.



Tionchair Aeráide ar ár Seirbhísí

Cruthaíonn teagmhais adhaimsire agus athrú aeráide rioscaí suntasacha don bhonneagar, agus cuireann siad isteach ar ár seirbhísí agus ar na daoine agus gnólachtaí a bhíonn ag brath orthu, rud a mhéadaíonn an gá le cothabháil chun a chinntiú go bhfuil an t-iarnród sábháilte.

Ag brath ar a ndéine, d'fhéadfadh cur isteach beag seirbhíse nó fadhbanna níos forleithne ar fud an ghréasáin a bheith mar thoradh ar imeachtaí aimsire, go háirithe má dhéantar damáiste tromchúiseach do líne iarnróid, rud a éilíonn deisiúcháin chostasacha.



Dianbháisteach agus Tuilte



- Ní mór do thraenacha moilliú a dhéanamh nuair a ardaíonn leibhéal an uisce os cionn an iarnróid, rud atá ina chúis le moilleanna
- Is féidir le báisteach throm, leanúnach dul i bhfeidhm ar chréfoirt is cúis le sciorthaí talún, rud a chiallaíonn go gcuirfear seirbhísí ar ceal.
- Is féidir le tuilte an ballasta a thacaíonn leis na córais draenála blocála iarnróid a scaoileadh.
- Cuireann dianbháisteach dlús le creimeadh, rud a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do dhroichid agus do lintéir.



Gaotha Troma agus Borrthaí Stoirme



- Is cúis le rioscaí dár bhfoirgnimh oidhreachta, ár struchtúir agus ár dtrealamh líne lasnairde DART
- Is féidir le gaotha arda titim crann agus bacainní ar línte iarnróid a bheith mar thoradh orthu
- Cuireann minicíocht agus déine stoirme méadaithe, in éineacht le hathruithe féideartha ar uainiú titim na nduilleog, le greamaitheacht iarnróid íseal (LRA), cúis mhór le moilleanna gréasáin.



Ardú Leibhéal na Farraige



- Tionchar ar an gcomhshaol cósta i gceantair ina bhfuil an líne iarnróid nochtta don fharraige nó gar di
- Is féidir le creimeadh aghaidh cósta agus aill dochar a dhéanamh do bhonneagar na ráillí.
- Foirmíochtaí tromtonnta a sháraíonn ballaí cosanta farraige ag tuitte línte iarnróid.



Teochtaí Foircní



- Tá forbairt theirmeach mar gheall ar theochta arda fada ina chúis le freangadh an iarnróid, ar a dtugtar camadh iarnróid, ag ardú inní sábháilteachta agus ag cur isteach ar sheirbhísí traenach.
- Is féidir le Trealamh Line Lasnairde (OHLE) titim i bhfíor-theas agus cur isteach ar an soláthar cumhachta leictreach.
- Cur isteach ar sheirbhís de bharr imeachtaí aimsire fuara.



Imeachtaí Triomaigh



- Is féidir le laghdú ar thaise na hithreach mar gheall ar thriomach a bheith ina chúis le crapadh agus turnamh ithreach, go háirithe i gcré-ithir.
- D'fhéadfadh mí-ailíniú céimseata rianta tarlú i gceantair ina bhfuil crapadh séasúrach suntasach ar ithreacha saibhir orgánacha, amhail portaigh.


Dúshláin

Tá príomhról ag fásra maidir le tionchair a bhaineann leis an aimsir a chruthú agus a mhaolú agus de réir mar a thagann athrú aeráide chun cinn, táthar ag súil le geimhrí níos giorra as a dtiocfaidh tréimhsí fáis níos faide do go leor speiceas plandaí. Méadóidh sé seo ar a sheal an gá atá le fásra a bhainistiú ar fud ár ngréasán.

Is féidir le teagmhais ard-déine báistí an toilleadh draenála feadh an dorchla iarnróid agus i gceantair uirbeacha a sháru. Tá idirspiléachas suntasach ag draenáil an iarnróid le húdaráis áitiúla, úinéirí talún tríú páirtí agus eagraíochtaí agus comharsana eile.

Sainaithníodh sa Mheasúnú Straitéiseach ar Riosca Tuile a rinneadh chun tacú leis an Athbhreithniú Straitéiseach Uile-Éireann ar Iarnród roinnt áiteanna ar fud an ghréasán iarnróid reatha atá so-ghabhálach i leith tuilte abhann nó cósta, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí lena n-áirítear taifid stairiúla agus léarscáileanna guaise tuilte. Tugann Iarnród Éireann – Irish Rail aghaidh ar an riosca a bhaineann le tuilte faoi láthair trí thionscadail ar nós ECRIPP (féach an chéad leathanach eile) agus leanfar de bheith á mheas mar chuid d'idirghabhálacha oiriúnaithe don athrú aeráide.

Téann ár mbonneagar agus ár sócmhainní iarnróid atá saibhir ó thaobh oidhreachta siar go dtí an 19ú haois i gceantair áirithe. Mar aon leis na teorainneacha struchtúracha agus na coinníollacha comhshaoil ciallaíonn sé seo gur féidir le hidirghabhálacha agus oiriúnuithe a bheith deacair, suaite, costasach agus go bhféadfadh siad a bheith faoi réir srianta planála agus forbartha eile freisin. Mar sin féin, má theipeann orainn aghaidh a thabhairt ar ár leochaileacht i leith imeachtaí aimsire, cuirfear isteach ar an tseirbhís agus d'fhéadfadh rioscaí a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear costais shuntasacha airgeadais agus cur isteach ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaoil.




Chun gréasán iarnróid Iarnród Éireann – Irish Rail a oiriúnú don athrú aeráide, beidh gá le hathruithe ar an gcaoi a n-oibrímid, agus le hinfheistíocht shuntasach. Má chuirtear feabhas ar ár n-athléimneacht, feabhsófar feidhmíocht sábháilteachta, oibriúcháin agus airgeadais agus seachadfar eispéireas custaiméara níos fearr, rud a neartóidh stádas Iarnród Éireann – Irish Rail mar cheann de na hiarnróid is sábháilte san Eoraip.

CÁS-STAIDEAR

Tionscadail um Chosaint Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP)

Bunaíodh Tionscadail um Chosaint Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir chun ardú i leibhéal na farraige, creimeadh cósta, adhaimsir, agus tuilte cósta atá ag tarlú níos mó agus níos mó ar phríomhchodanna den líne iarnróid cósta ó dheas ó Bhaile Átha Cliath go Cill Mhantáin a mhaolú. Cinnteoidh na hidirghabhálacha arna soláthar ag ECRIPP go gcosnófar an bonneagar iarnróid, agus go gcoimeádtar nascacht in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide amhail ardú ar leibhéal na farraige agus borrthaí stoirme ar chonair iarnróid an chósta thoir, rud a dhaingneoidh an líne iarnróid do na glúnta atá le teacht. Bainfear amach na hidirghabhálacha ECRIPP trí bhearta éagsúla innealtóireachta ar an gcladach nó gar dó.





Ár gCur Chuige Oiriúnaithe Aeráide

Tá Iarnród Éireann – Irish Rail tiomanta d’athléimneacht iarnród na hÉireann i leith tionchair aimsire agus aeráide a fheabhsú. Is freagracht chomhpháirteach thar fhoirne cuideachtaí éagsúla i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha é iarnród iontaofa a chinntiú in aghaidh an athraithe aeráide.

Tá ár gcur chuige Oiriúnaithe Aeráide bunaithe ar an bpróiseas sé chéim atá leagtha amach sna Treoirínte Pleanála Eanála le haghaidh Oiriúnú don Athrú Aeráide (2018) náisiúnta arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ailínithe leis an bPlean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide don Eanáil Iompair (2019). Soláthraíonn sé seo an creat inar féidir le hIarnród Éireann – Irish Rail ár gceithre chuspóir straitéiseacha um oiriúnú aeráide a bhaint amach.

An Cur Chuige 6 Céim maidir le hOiriúnú Aeráide



Céim 1: An Talamh a Ullmhú

- Tuiscint a fhorbairt ar na príomhrioscaí aeráide do bhonneagar iarnróid Iarnród Éireann – Irish Rail trí fhoghlaim ó thaithí roimhe seo agus ansin na bearnaí inár gcur chuige a aithint.

Céim 2: Scagadh Tionchair Aeráide

- Críochnaítear measúnuithe riosca ar tarlaithe adhamsire chun an tionchar féideartha ar ár sócmhainní iarnróid a fháil amach.

Céim 3: Beartú Tosaíochta

- Ceadaíonn an measúnú riosca do rangú gach sócmhainne de réir riosca agus leochaileachta i leith athrú aeráide mar aon le scála na hidirghabhála a theastaíonn.
- Más dócha go gcuirfidh tionchair isteach ar sheirbhísí custaiméirí, beidh sé seo mar thosaíocht

Céim 4: Measúnú Tionchair Tosaíochta

- Tá anailís mhionsonraithe ar thuar athrú aeráide atá nasctha le saintréithe agus srianta a bhaineann go sonrach leis an suíomh curtha i gcrích chun idirghabhálacha athraithe aeráide a fhorbairt atá oiriúnach do gach láithreán agus atá indéanta go teicniúil lena gcur chun feidhme.

Céim 5: An Plean a Fhorbairt

- Agus measúnú roghanna críochnaithe agus dearáí oiriúnacha forbartha, sainaitnímid an idirghabháil um oiriúnú aeráide a mheasann Iarnród Éireann – Irish Rail a bheith riachtanach chun an líonra iarnróid a chosaint ó rioscaí athraithe aeráide.
- Cláraítear fráma ama chun na bearta a chur i bhfeidhm agus sainaitnítear riachtanais mhaoinithe.

Is cinnte go bhfuil éagsúlacht leathan i scála agus i bpráinn na n-idirghabhálacha thar na cineálacha éagsúla sócmhainní, gníomhaíochtaí oibriúcháin agus guaiseacha féideartha.


Céim 6: Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú

- Is é an conradh ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair cúig bliana (IMMAC) an phríomhfhoinsé maoinithe chun ár mbonneagar iarnróid a chothabháil agus a athnuachan
- Agus maoiniú faighte is féidir an plan a chur i bhfeidhm, nuair a bheidh an plan críochnaithe bíonn sé faoi réir meastóireachta rialta, athbhreithnithe agus nuashonruithe.

Tá ár dtuiscint ar athrú aeráide, a thionchair agus conas is fearr déileáil le himeachtaí ag athrú go leanúnach agus mar sin tá an obair atá ag teastáil ag athrú de shíor. Táimid ag tabhairt faoin dúshlán seo.

Pleananna Gníomhaíochta um Oiriúnú Aeráide

Plean Oiriúnaithe Aeráide



Tá sé rithábachtach chun athléimneacht a leabú sa tslí ina ndéanaimid ár dtraenacha agus ár mbonneagar iarnróid a dhearadh, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide. Tá ár gcur chuige réamhghníomhach á sheachadadh ag foirne ar fud an ghnó trí cheithre chuspóir straitéiseacha maolaithe agus oiriúnaithe.

Athléimneacht Oibríochtúil Feabhsaithe

1

Oiriúnú aeráide a leabú in oibríochtaí, i mbeartais agus i nósanna imeachta traenach chun líonra iarnróid atá sábháilte agus athléimneach a chinntiú a thugann tosaíocht do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí.

Athléimneacht Sócmhainne Feabhsaithe

2

Cinntiú go laghdaítear cásanna de chur isteach ar sheirbhís a bhaineann leis an aeráid ar fud an líonra thar shaolré na sócmhainne.

Leibhéal Seirbhíse Feabhsaithe

3

Laghdaigh am téarnaimh agus cur isteach ar sheirbhís tar éis imeachtaí a bhaineann leis an aeráid.

Cur chuige ísealcharbóin maolaithe

4

Ár spriocanna laghdaithe carbóin a bhaint amach mar atá leagtha amach inár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

CÁS-STAIÉAR

Tionchar Aeráide ár bhFlít a Laghdú

Tá flít mór de thraenacha díosail den chuid is mó ag Iarnród Éireann atá ag lárphointe shaolré sócmhainne 35 bliain de ghnáth. Iarradh feabhsuithe ar lorg comhshaoil an flít reatha seo agus ag an am céanna deireadh a chur de réir a chéile le traenacha nua-aimseartha leictreacha nuair is féidir. In 2024 beimid ag seachadadh an chéad dá cheann d'ordú de thríocha is a haon traen DART leictreacha nua le ceallraí, gach ceann comhdhéanta de chúig charráiste, chomh maith le sé thraenacha leictreacha 5-charr. Leathnóidh siad seo an líonra DART agus ligfidh siad do thraenacha díosail a athsholáthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tá trialacha curtha i gcrích maidir le tras-seoladh atá tiosach ar bhreosla dár gcuid traenacha díosail a laghdaíonn ídiú breosla agus CO₂ faoi 20%. Faoi réir maoinithe, déanfar an tras-seoladh seo a fheistiú ar gach carr iarnróid díosail Intercity go luath amach anseo.

Tá feithiclí iarnróid Intercity nua-thionscanta atá á dtabhairt isteach le haghaidh seirbhíse in 2024 feistithe leis na hinnill Chéim V is déanaí de chuid an AE a chomhlíonann astaíochtaí agus úsáideann siad teicneolaíocht AdBlue chun astaíochtaí díobhálacha a laghdú. Táimid ag triail inneall traenach iarfheistithe Hidrigin le linn 2024 chun cruthúnas coincheapa a bhunú maidir le tarlaithe lastais amach anseo. Dá n-éireodh leis, d'fhéadfaí é seo a imscaradh ansin ar ár n-innill traenach lastais go léir chun lorg comhshaoil atá feabhsaithe go mór a thabhairt do lasta. Tá úsáid HVO á mheas mar mhalairt ar dhíosail ar ár dtraenacha paisinéirí neamhleictreacha agus ar an ngléasra buí innealtóireachta sibhialta. Ar deireadh, leanaimid ar aghaidh le húsáid breiseán dócháin inár mbreosla díosail chun feabhas a chur ar airíonna astaíochtaí.



Maoiniú, Rialachas Corparáideach & Trédhearcacht

Déanfar ár n-oibreacha bonneagair sa Straitéis Oiriúnaithe Aeráide a mhaoiniú trí Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC) arb é an príomhfhoinsé maoinithe é chun bonneagar iarnróid a chothabháil agus a athnuachan. Tá measúnú mionsonraithe ar riocht sócmhainne déanta ag Iarnród Éireann - Irish Rail chun an riachtanas maoinithe stáit sheasta 2024 - 2033 a chinneadh agus áireofar foráil bhreise d'oibreacha oiriúnaithe aeráide sa chéad chúig bliana eile IMMAC a chlúdóidh an tréimhse 2025 - 2029.

Tugtar aghaidh ar athléimneacht an flít thar na séasúir éagsúla agus ar aisghabháil seirbhísí tar éis teagmhais tríd an gclár cothabhála flít a mhaoinítear trí chonradh oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO) leis an NTA.

Tabharfar tuairisc ar fheidhmíocht agus déanfar monatóireacht uirthi ar bhonn ráithiúil de réir riachtanais tuairiscithe na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) agus Conradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC).

Ullmhóidh Iarnród Éireann - Irish Rail tuairisciú rialachais ar gach tionscadal idirghabhála um oiriúnú aeráide. Tá ár gcur chuige maidir le hathrú aeráide a bhainistiú ailínithe go ginearálta leis an gcaighdeán idirnáisiúnta um oiriúnú (ISO14090).

Áirítear ar struchtúir rialachais go himheánach

- Tuairisciú do Bhord Iarnród Éireann - Irish Rail ar sheachadadh na straitéise inbhuanaitheachta, lena n-áirítear Oiriúnú Aeráide
- Thug an Fhoireann Shinsearach Feidhmiúcháin breithmheas ar fhorbairtí inbhuanaitheachta agus comhshaoil ar bhonn ceithre seachtaine
- Coiste Inbhuanaitheachta Comhshaoil, faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Inbhuanaitheachta go míosúil, le cruinnithe ráithiúla faoi chathaoirleacht chomhalta Boird agus le hionadaíocht ardbhainistíochta.:

Tá ár Straitéis Oiriúnaithe Aeráide ailínithe le 'Plean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide don Earnáil Iompair' (Iúil 2019) a ullmháidh faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe.

Tá ár Straitéis Oiriúnaithe Aeráide ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 11 agus 13 na NA freisin.





Stoirm Ali, Tulach Mhór, 2018



Cluain Saileach, Baile Átha Cliath, Márta 2018



Tuilte cósta ar an líne DART, Márta 2018



Stoirm Kathleen, Aibreán 2023



Stoirm Babet, Stáisiún Phluincéid Phort Láirge, 2023



Crosaire comhréidh Chill Tartan, Gaillimh, 2009



Tuilte ar Líne an Tuaiscirt, 2023

